

# An Príomh-Chlár Creidmheasa

## Bileog Eolais

## Iarratas a dhéanamh chun Faisnéis i mo Thuarascáil Chreidmheasa a Leasú

www.centralcreditregister.ie/ga/

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

## Céard atá i gceist le leasú ar do Thuarascáil Chreidmheasa?

Faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa, tá an ceart agat a iarraidh go ndéanfar faisnéis i do Thuarascáil Chreidmheasa a leasú má mheasann tú go bhfuil sí mícheart.

Is ionann faisnéis mhícheart agus faisnéis phearsanta nó chreidmheasa atá míchruinn, neamhiomlán nó nach bhfuil cothrom le dáta i do Thuarascáil Chreidmheasa.

Ó thaobh na faisnéise creidmheasa de, d'fhéadfadh go mbeadh iarmhéid mícheart luaite nó go mbeadh íocaíocht in easnamh i do Thuarascáil Chreidmheasa.

Táirgeann an Príomh-Chlár Creidmheasa do Thuarascáil Chreidmheasa ón bhfaisnéis a bheidh curtha ar fáil ag d'iasachtóirí gach mí.

Is é príomhaidhm an Phríomh-Chláir Creidmheasa Tuarascáil Chreidmheasa chruinn a chur ar fáil.

Cuireann an Príomh-Chlár Creidmheasa le cobhsaíocht airgeadais agus le cosaint tomhaltóirí ar na bealaí seo a leanas:

- Cuireann sé anailís níos fearr ar fáil d'iasachtóirí maidir le hacmhainneacht creidmheasa iasachtaithe;
- tugann sé faisnéis d'iasachtaithe maidir lena bpróifíl airgeadais;
- tacaíonn sé le ról an Bhainc Ceannais maidir leis an earnáil airgeadais a mhaoirsiú agus maidir le cobhsaíocht airgeadais a áirithiú.

## Cé leis an fhaisnéis seo?

Is leis an Banc Ceannais an fhaisnéis a choinneofar ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa. Is rialaitheoir sonraí é an Banc Ceannais faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Aon fhaisnéis a tharchuirfidh iasachtóirí chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa, úsáidfear í chun Tuarascálacha Creidmheasa aonair a chruthú. Féadfaidh go gcuideoidh Tuarascáil Chreidmheasa le hiasachtóirí nuair a bheidh cinntí á ndéanamh acu maidir le hiasachtaí nó maidir le hiarratais ar iasachtaí. Tá tuilleadh eolais maidir le bailiú agus úsáid do chuid sonraí ar fáil ar centralcreditregister.ie, áit a bhfuil nasc chuig fógra príobháideachais an Bhainc Ceannais maidir le cosaint sonraí.

## Conas is féidir liom faisnéis i mo Thuarascáil Chreidmheasa a leasú?

Sula ndéanann tú iarratas ar leasú faisnéise, moltar duit tuarascáil chreidmheasa chun dáta a fháil ón bPríomh-Chlár Creidmheasa.

Is féidir leat iarratas a dhéanamh chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa chun faisnéis i do thuarascáil chreidmheasa a leasú. Ach is fearr teagmháil a dhéanamh le d'iasachtóir chun faisnéis phearsanta i do Thuarascáil Chreidmheasa a leasú. Áirítear i bhfaisnéis phearsanta, d'ainm, do sheoladh, do dháta breithe nó d'uimhir PPS.

Tá sé tábhachtach go ndéanfar an fhaisnéis a cheartú ag an bhfoinse, is é sin le rá, taifid an iasachtóra, sula gcuirfear ar aghaidh chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa iad. Mura ndéantar amhlaidh, tá an baol ann go leanfar d'fhaisnéis phearsanta mhícheart a chur chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa gach mí.

Is féidir leat tús a chur leis an bpróiseas chun faisnéis sa Tuarascáil Chreidmheasa a leasú trí theagmháil a dhéanamh le d'iasachtóir agus na sonraí cearta a chur chuige. Ba cheart duit aon fhaisnéis bhreise a thacódh le d'iarratas a chur ar fáil freisin.

Is féidir leat iarratas a dhéanamh chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa freisin chun faisnéis mhícheart chreidmheasa i do Thuarascáil Chreidmheasa a leasú. D'fhéadfadh go mbeadh faisnéis mhícheart chreidmheasa sa Tuarascáil Chreidmheasa i gcás ina mbeadh an Tuarascáil Chreidmheasa neamhiomlán toisc iasacht a bheith ar iarraidh. Bheadh faisnéis mhíchruinn inti freisin i gcás ina mbeadh iarmhéid mícheart luaite nó líon mícheart íocaíochtaí thar téarma ar iasacht.

Is féidir leat an fhoirm iarratais ar líne a chomhlánú chun Ráiteas Míniúcháin a chur ar do Thuarascáil Chreidmheasa ar centralcreditregister.ie.

Ní mór duit d'fhoirm iarratais chomhlánaithe a phriontáil agus a uaslódáil i dteannta le do chuid doiciméad aitheantais.

Nó is féidir leat ríomhphost a chur chugainn ag: myrequest@centralcreditregister.ie nó litir a sheoladh chugainn ag:

An Príomh-Chlár Creidmheasa, Adelphi Plaza, Sráid Sheoirse Uachtarach, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, Éire.

Déan cinnte go gcuireann tú do chuid doiciméad aitheantais i dteannta le do chomhfhreagras.

Tá litir shamplach sa bhileog eolais seo ina n-iarrtar leasú ar fhaisnéis i dTuarascáil Chreidmheasa.

Is féidir leat úsáid a bhaint as an litir sin mar threoir.

## Cé na doiciméid aitheantais a bheidh ag teastáil uait?

Beidh cruthúnas ar chéannacht ag teastáil uainn chun leanúint le d'iarratas. Ar an gcaoi sin, cinntítear go bhfuiltear ag cloí leis na cearta um chosaint sonraí.

Beidh ort cóipeanna de dhoiciméid a chur ar fáil chun an méid seo a leanas a chruthú:

**1.Do chéannacht**

Is gá duit cóip d'aon cheann AMHÁIN de na doiciméid seo a leanas a chur ar fáil (níor cheartgo mbeadh an doiciméad sin breis agus 6 mhí níos sine ná a dháta éagtha):

- leathanach aitheantais agus sínithe do phas; nó
- an taobh aitheantais (grianghraf agus síniú) de do cheadúnas tiomána AE.

Má tá cóip de cheadúnas tiomána páipéir á cur ar fáil agat, déan cinnte go gcuireann tú na 3 leathanach ar fáil.

**2.Do sheoladh**

Is gá duit cóip d'aon cheann AMHÁIN de na doiciméid seo a leanas a chur ar fáil (níor cheartgo mbeadh an doiciméad sin breis agus 6 mhí níos sine ná dáta d'iarratais):

- bille fóntais nó bille líne thalún teileafóin;
- ráiteas ó bhanc, ó chumann foirgníochta nó ó chomhar creidmheasa;
- litir a bheidh dírithe ort ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí nó ó na Coimisinéirí Ioncaim;
- litir a bheidh dírithe ort ó aon chomhlacht reachtúil eile nó ó aon ghníomhaireacht Stáiteile; nó
- litir a bheidh dírithe ort ó chuideachta árachais maidir le polasaí árachais reatha.

**3. Uimhir PSP**

Uaslódáil cóip d'aon cheann AMHÁIN de na doiciméid seo a leanas ar a dtaispeántar do **UPSP IOMLÁN. Tá 7 n-uimhir mar aon le 1 nó 2 litir san UPSP.** Tabhair faoi deara le do thoil gur gá go mbeidh an téarma "UPSP" le feiceáil go soiléir ar dhoiciméad a úsáidfear mar chruthúnas ar UPSP.

- Cárta Seirbhísí Poiblí - an dá thaobh (éadan agus cúl)
- Cárta leighis

- Cárta don Scéim Íocaíochta Drugaí
- Comhfhreagras a bheidh dírithe chugat ón Roinn Coimirce Sóisialaí nó ó na Coimisinéirí Ioncaim
- Measúnú Cánach nó Fógra maidir le Creidmheasanna Cánach
- Duillín pá, nó Achoimre Sonraí Fostaíochta ó na Coimisinéirí Ioncaim.
- Is féidir an Cárta Eorpach um Árachas Sláinte arna eisiúint ag Rialtas na hÉireann a úsáid freisin i gcás gurb é an *Uimhir Aitheantais Phearsanta* do UPSP

Féach ár Ráiteas maidir le Cosaint Sonraí ag centralcreditregister.ie chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an gcaoi ina bpróiseáltar do chuid faisnéise pearsanta.

I gcás iarratas poist, íoslódáil foirm iarratais ag [https://www.centralcreditregister.ie/ga/iasachtaithe/iarratas-a-chur-isteach-agus-do-chearta-eile/iarratais-poist/](https://www.centralcreditregister.ie/ga/iasachtaithe/iarratas-a-chur-isteach-agus-do-chearta-eile/iarratais-poist/) nó déan teagmháil linn ag myrequest@centralcreditregister.ie.

## Cá fad a thógfaidh sé mo Thuarascáil Chreidmheasa a leasú?

Má iarrann tú ar an bPríomh-Chlár d'fhaisnéis a leasú, déanfaimid ár ndícheall déileáil le d'iarratas a luaithe is féidir. Seans go mbeidh orainn teagmháil a dhéanamh le d'iasachtóir agus tuilleadh faisnéise a fháil uait, rud a chuirfidh moill ar chúrsaí.

Tabharfaimid freagra ort idir 20 agus 40 lá má tá iarratas bailí déanta agat. Is é sin le rá, ní mór duit foirm iarratais a chomhlánú, doiciméid aitheantais a chur ar fáil agus leasú ar fhaisnéis i do Thuarascáil Chreidmheasa a iarraidh.

Má bhíonn tuilleadh faisnéise de dhíth orainn, beidh 15 lá ag an iasachtóir nó ag an iasachtaí, cibé duine a n-iarrfar an fhaisnéis sin orthu, freagra a thabhairt orainn.

Is fearr iarratas ar leasú faisnéise a dhéanamh chuig d'iasachtóir ar an gcéad dul síos. Tá sé tábhachtach go ndéanfar an fhaisnéis a cheartú ag an bhfoinse. Is é sin le rá, ba cheart go gceartófaí taifid an iasachtóra sula gcuirfí an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa.

## Conas a bheidh fhios agam go ndearnadh an t-iarratas chun faisnéis i mo Thuarascáil Chreidmheasa a leasú?

Má dhéanann tú an t-iarratas chuig d'iasachtóir, cuirfidh siadsan an fhaisnéis cheartaithe chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa agus cuirfidh siad é sin in iúl duit.

Má dhéanann tú an t-iarratas go díreach chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa, tabharfaimid Tuarascáil Chreidmheasa duit leis an bhfaisnéis leasaithe.

Má chinneann an Príomh-Chlár Creidmheasa gan an fhaisnéis a leasú, cuirfimid é sin in iúl duit. Sa chás seo, is féidir leat Ráiteas Míniúcháin a chur isteach i do Thuarascáil Chreidmheasa.

Tá tuilleadh faisnéise maidir le Ráiteas Míniúcháin le fáil ar centralcreditregister.ie. Gheobhaidh tú bileag eolais anseo freisin dar teideal 'Ráiteas Míniúcháin a chur isteach i mo Thuarascáil Chreidmheasa'.

## Tuilleadh Faisnéise

Ar líne: www.centralcreditregister.ie/ga/
Ríomhphost: myrequest@centralcreditregister.ie
Líne Thalún: 01 224 5500

Lúnasa 2024

**Litir theimpléadach**

[Cuir isteach seoladh an iasachtóra] [cuir isteach do sheoladh agus do shonraí teagmhála reatha]

[Cuir isteach an dáta]

A chara

**Re: Iarratas chun faisnéis mhícheart i mo Thuarascáil Chreidmheasa a leasú**

Teastaíonn uaim go leasófar an fhaisnéis seo a leanas i mo Thuarascáil Chreidmheasa:

Cód Conartha CCR: [Le fáil sa chéad líne den leathanach a bhaineann leis an iasacht seo]

Cód Conartha CIP: [Le fáil sa chéad líne den leathanach a bhaineann leis an iasacht seo]

Cineál Táirge: [Le fáil sa chéad líne den leathanach a bhaineann leis an iasacht seo]

*Sampla:*

| CCR Contract Code | CIP Contract No. | Product Type |
|---|---|---|
| | | |

Ainm an Iasachtaí: [Cuir isteach d'ainm]

Seoladh an Iasachtaí: [Cuir isteach do sheoladh reatha agus aon seoltaí a bhí in úsáid agat roimhe seo]

An leasú atá á iarraidh: [cuir isteach an leasú faisnéise atá uait]

Doiciméadacht tacaíochta [Cuimsigh aon fhaisnéis nó doiciméid a thacaíonn le d'iarratas, amhail ráitis agus fáltais]

An bhféadfá a dheimhniú, le do thoil, go bhfuarthas an litir seo.

Is mise le meas,

[Cuir isteach d'ainm]